GX1260

OLLSCOIL NA HÉIREANN, GAILLIMH
CÉIM B.A. STAIR
DARA SEIMEASTAR 1999-2000
CULTÚR AN PHOBAIL SAN EORAIP RÉAMHTHIONSCLAÍOCH (HI376)
S. Duffy
N. Ó Ciosáin
N. Canny

AM: DHÁ UAIR AN CHLOIG; TRÍ CHEIST LE FREAGAIRT

1. 'Ní mhíníonn an draíocht conas a thárla eachtra mhí-ámharach áirithe; ach míníonn sé cén fáth ar thárla an mí-ádh sin do dhuine áirithe' (Gluckman). Pléigh an ráiteas seo.

2.De réir Natalie Zemon Davis, tá rialacha dá cuid féin ag an ainriail. Céard atá i gceist aici leis sin?

3. Dár le Bercé, is córas miotais atá i gceist in idéolaíocht pholaitiúil an phobail. Cad é an structúr a bhí ag an gcóras sin, agus conas a mhúnlaigh sé na bealaigh ina ndearna gnáthdhaoine agóid pholaitiúil?

4. Conas a chaomhnaítear eolas agus dearcadh ar an saol i gcomhluadar gan scríobhnóireacht ?

5. Ar érigh leis na hAthraithe Creidimh Protastúnacha agus Caitliceacha smaoineamh agus cleachtadh reiligiúnda an ghnáthphobail a athrú ?

6. Cén difríocht a bhí idir an tuairimíocht traidisiúnta i leith na draíochta agus an sort tuairimíochta a bhí i gceist sa ngéarleanúint a rinneadh ar dhraoithe sa séú agus sa seachtú céad déag ?

7. D'fhéadfadh deasghnátha séasúrtha na tuaithe maireachtáil ar aghaidh laistigh de chathair ollmhór ar nós Londain, ach tháinig athraithe móra orthu. Cérbh iad na sórtanna athraithe a thárla?

8. Cén úsáid is féidir a bhaint as leabhráin bheaga chlóite le léargas a fháil ar dhearcadh na ndaoine i dtréimhse na luath-nuastaire san Eoraip ?

9. Cérbh iad na fáthanna, dar leat, go raibh tóir ag an bpobal ar bheatháisnéisí gadaithe i litríocht chlóite na linne sin? Cén dearcadh a léirítear sna téacsanna maidir le gadaithe?

10. San ochtú agus sa naoú céad déag, thriall fostaitheoirí na Breataine na nósanna oibre a bhí ag a gcuid oibrithe a athrú. Ar éirigh leo é seo a bhaint amach?

11. Taréis lár an ochtú chéid déag, tháinig íomhá níos báidhiúla den ghnáthphobal chun cinn sa chultúr léannta. Céard ba chúis leis seo?